



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curacláim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment

# Araibis na hArdteistiméireachta

## Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir leis an Dréachtsonraíocht

Feabhra 2022



# An Clár Ábhar

---

<b>RÉAMHRÁ</b> .....	1
1.1 An ceistneoir ar líne .....	1
1.2 Cruinnithe le fócasghrúpaí .....	1
1.3 Cruinnithe Déthaobhacha .....	2
1.4 Aighneachtaí i Scríbhinn .....	2
<b>AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN</b> .....	3
2.1: Soiléireacht aidhmeanna agus snáithe na sonraíochta .....	3
2.2 Ról na dtéacsanna sa seomra ranga Araibise .....	4
2.3 Tabhairt isteach punann teanga .....	5
2.4 Measúnú.....	5
2.5 Aiseolas eile.....	7
<b>BREITHNITHE AGUS CONCLÚIDÍ</b> .....	10
Breithnithe.....	10
Conclúid .....	10
<b>AGUISÍNÍ</b> .....	11
Aguisín 1: Cruinnithe le Fócasghrúpaí.....	11
Aguisín 2: Aighneachtaí Scríofa .....	11

---

## Réamhrá

---

Cuireadh dréachtsonraíocht Araibise na hArdteistiméireachta ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí náisiúnta ón 4 Samhain 2021 go dtí an 16 Nollaig 2021. Tugtar breac-chuntas ar na réimsí aiseolais a d'eascair ón bpróiseas comhairliúcháin sa tuairisc seo agus na himpleachtaí d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm breise na sonraíochta. Is iad na gnéithe a bhain leis an bpróiseas comhairliúcháin ná:

- an ceistneoir ar líne
- dhá chruinniú grúpa fócais le múinteoirí agus scoláirí
- cruinnithe déthaobhacha le tuismitheoirí, múinteoirí agus mic léinn tríú leibhéal
- glao ar aighneachtaí scríofa

### 1.1 An ceistneoir ar líne

Bhí 69 freagairt ar an suirbhé ar líne (aguisín 1). As na freagróirí:

- D'aithin 19 iad féin mar mhúinteoirí, agus múineann 12 acu Araibis
- D'aithin 46 iad féin mar thuismitheoirí/chaomhnóirí
- D'aithin 14 iad féin mar scoláirí agus mhic léinn (dara agus tríú leibhéal)
- D'aithin 11 acu iad féin mar oideoirí múinteoireachta nó mar léachtóirí tríú leibhéal.
- D'aithin an chuid eile iad féin mar Phríomhoidí iar-bhunscoile nó mar "eile".

Luadh feasacht ar an gcomhairliúchán ar roinnt bealaí. Postáladh cuireadh ar chuntas Twitter CNCM, agus postáladh fógra ar an suíomh gréasáin [ncca.ie](http://ncca.ie). Seoladh cuireadh trí ríomhphost chuig na daoine sin a léirigh spéis a bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán, lena n-áirítear múinteoirí, léachtóirí tríú leibhéal, roinnt ambasáidí/consalachtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine a labhraíonn Araibis agus daoine aonair/institiúidí éagsúla eile. Chabhraigh baill den ghrúpa forbartha freisin le feasacht ar an gcomhairliúchán a ardú trína n-eagraíochtaí geallsealbhóirí agus teagmhálacha gairmiúla eile.

### 1.2 Cruinnithe le fócasghrúpaí

Bhí trí phríomhbhealach ann le haghaidh aiseolas comhairliúcháin: trí shuirbhé ar líne, trí aighneachtaí i scríbhinn agus trí phlé fócasghrúpa ar líne a éascaíodh chun tacú le rannpháirtíocht scoláirí. I mí na Nollag 2021 tionóladh dhá chruinniú fócasghrúpa chun dul i gcomhairle le scoláirí ar an dréachtsonraíocht Araibise. Bhí an chéad cheann comhdhéanta de 7 scoláire i scoil

mheasctha tuaithe le daonra ard scoláirí ó chúlraí teanga agus cultúrtha éagsúla. Bhí leibhéal éagsúla Araibise ag na scoláirí san fhócasghrúpa mar ar rugadh agus ar tógadh cuid acu in Éirinn, agus níor chónaigh siad i dtír ina labhraítear Araibis riamh, agus chaith roinnt eile blianta i dtír ina labhraítear Araibis sular bhog siad go hÉirinn. Bhí deichniúr rannpháirtí sa dara cruinniú fócais agus tionóladh é le scoláirí i scoil bhuachaillí DEIS i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath. Tháinig na mic léinn seo freisin ó chúlraí cultúrtha éagsúla agus bhí leibhéal éagsúla Araibise acu.

Tugadh cuireadh do rannpháirtithe sa dá fhócasghrúpa a dtuairimí a chur in iúl ar na ceisteanna seo a leanas:

Cá mhéad

- a thugann an aidhm agus na cuspóirí aghaidh ar a bhfuil tábhachtach a bheith ar eolas ag scoláirí cad ar cheart dóibh a thuiscint, cad ar cheart dóibh luach a chur leis agus cad ar cheart dóibh a bheith in ann a dhéanamh tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an Araibis san Ardteistiméireacht?
- a thugann an dá snáithe aghaidh ar a bhfuil tábhachtach go mbeadh eolas ag na scoláirí ar Araibis, a dtuiscint, a luacháil agus a bheith in ann a dhéanamh ag deireadh na hArdteistiméireachta?
- an bheidh comhphárteanna measúnaithe béil agus cluastuisceana éifeachtach chun foghlaim an scoláire a mheas in Araibis na hArdteistiméireachta, dar leat?
- atá sé oiriúnach, dar leat, go n-úsáidfeadh scoláirí Araibis chanúnach nó chaighdeánach nua-aimseartha sa scrúdú cainte?
- a thacaíonn tú le Punann a thabhairt isteach sa tsonraíocht d'Araibis?
- a cheapann tú go bhfuil sé cuí go roghnódh scoláire agus a gcuid múinteoirí na téacsanna a ndéanfaidh siad staidéar orthu, seachas liosta socraithe téacsanna a ordú?

### 1.3 Cruinnithe Déthaobhacha

I gcás na gcruinnithe déthaobhacha, tionóladh cruinnithe ar líne le roinnt múinteoirí agus tuismitheoirí Arabacha agus mac léinn tríú leibhéal. Dhírigh an plé ar na ceisteanna a luadh thuas agus thug sé deis do rannpháirtithe aiseolas mionsonraithe a thabhairt a rinneadh taifeadadh orthu.

### 1.4 Aighneachtaí i Scríbhinn

Fuarthas aighneacht scríofa amháin (aguisín 2) ó bheirt mhúinteoirí Arabacha mar fhreagra ar an gcuireadh ar aiseolas scríofa ar an dréachtsonraíocht.

## Aiseolas ón gComhairliúchán

---

Soláthraíonn an chuid seo den tuarascáil achoimre agus anailís ar an aiseolas a fuarthas trí na fócasghrúpaí, suirbhé ar líne, cruinnithe déthaobhacha, agus an aighneacht scríofa a fuarthas..

Sna fócasghrúpaí, suirbhé ar líne agus cruinnithe déthaobhacha, cuireadh roinnt ceisteanna ar rannpháirtithe faoi cé chomh maith agus a thugann na codanna éagsúla den dréachtsonraíocht aghaidh ar eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire maidir le measúnú na hAraibise. Tá na téamaí a d'eascair as an bplé leagtha amach thíos.

### 2.1: Soiléireacht aidhmeanna agus snáithe na sonraíochta

Díobh siúd a d'fhreagair, d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir go raibh na haidhmeanna cuí ag formhór mór na rannpháirtithe. Thuairiscigh beagnach gach rannpháirtí/freagróir go n-aontaíonn siad nó go n-aontaíonn siad go láidir go bhfuil an snáithe 'inniúlacht teanga chumarsáideach' curtha in iúl go soiléir agus go léiríonn sé foghlaim riachtanach don Araibis.

*'Chuir soiléireacht an ábhair an-iontas orm'*  
(Oideoir Múinteoirí)

Maidir leis an snáithe 'inniúlacht teanga chumarsáideach', moladh

*'Tá an snáithe seo an-tábhachtach chun é a choinneáil in inchinn ár bpáistí'*  
(Tuismitheoir)

Maidir leis an snáithe 'inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha', d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir le formhór mór na bhfreagróirí go bhfuil forbairt na n-inniúlachtaí sin ríthábhachtach i bhfoghlaim na hAraibise.

*'Is féidir leo a scileanna a fhorbairt má tá níos mó ná dhá theanga acu,  
go háirithe sa chumarsáid ó bhéal'*  
(Múinteoir Araibise)

Chuir freagróir amháin sástacht leis na torthaí foghlama a bhain le hidirghabháil sa tsonraíocht in iúl, agus cheistigh freagróir eile an toradh foghlama a bhain le húsáid foclóirí.

*'Ní úsáideann éinne foclóir san Araibis, ach amháin do theanga Chlásaiceach m.sh., i ndán nó sa Chórán.'*

*Ní mholaimid do dhaoine rudaí a chuardach i bhfoclóir'*  
(Múinteoir Araibise)

## 2.2 Ról na dtéacsanna sa seomra ranga Araibise

D'aontaigh nó d'aontaigh go láidir le tromlach na bhfreagróirí suirbhé, rannpháirtithe an fhócasghrúpa agus iad siúd a d'fhreastail ar chruinnithe déthaobhacha go raibh sé cuí go bhfaigheann scoláire blaiseadh de réimse téacsanna liteartha agus neamhliteartha agus gur cheart go roghnódh scoláirí agus múinteoirí iad seo. Chuir formhór na scoláirí in iúl gurbh fhearr go mór leo téacsanna a mbeadh spéis acu féin iontu a roghnú.

*'B'fhearr go mór liom rogha a dhéanamh ionas go mbeidh mé in ann rudaí a bhfuil spéis agam iontu a léamh.'*  
(Scoláire)

*'Is bealach i bhfad níos fearr é seo le foghlaim más féidir le scoláire na téacsanna a mbaineann siad taitneamh astu a roghnú.'*  
(Scoláire)

D'aontaigh go leor múinteoirí agus tuismitheoirí freisin agus chuir freagróir amháin an tuairim in iúl go dtógfaidh sé roinnt ama do dhaltáí agus do mhúinteoirí dul i dtaithí ar rogha a bheith acu faoina ndéanann siad staidéar.

*'Níl taithí againn ar ghuth an scoláire i gcultúr labhartha na hAraibise. Is gnách go ndéanann an múinteoir an obair ar fad agus déanfaidh na scoláirí é sin a leanúint. Sílim go bhfuil sé iontach maith an deis a thabhairt dóibh rogha a dhéanamh. Sa deireadh ba mhaith linn go dtuigeann siad an teanga. Bunaithe ar chomhairle an mhúinteora, d'fhéadfaidís a gceann féin a roghnú. Is féidir linn tacú leo freisin trí rochtain a thabhairt dóibh ar théacsanna dílse.'*

(Oideoir Múinteoirí)

Chuir líon beag rannpháirtithe sa suirbhé agus beirt mhúinteoirí a rinne aighneacht scríofa in iúl gurbh fhearr leo liosta forordaithe de théacsanna a chur ar fáil.

*'Ba chóir go n-éascófaí liosta léamha agus go roghnódh múinteoirí astu... Coiste gairmiúil chun na roghanna a roghnú i bhfianaise an dréachta a roinn tú agus na hábhair imní a léirigh muid.'*

(Aighneacht scríofa)

*'B'fhearr liom fios a bheith agam cad atá le teacht sa scrúdú ná siúl isteach agus gan a fhios a bheith agam.'*

(Scoláire)

Dúirt freagróir eile go raibh siad, tar éis machnamh a dhéanamh, oscailte don athrú seo.

*“Bhí imní orm ar dtús nach bhfuil aon liosta litríochta ach tar éis smaoineamh air, táim ceart go leor leis.*

*Inár scoil, nuair a táimid ag múineadh Araibise ar feadh 13/14 bliana ach téann sé leis an gcumas foghlama. Is féidir linn téacsanna deasa a mholadh.”*

(Múinteoir dara leibhéal)

## 2.3 Tabhairt isteach punann teanga

Bhí an-tacaíocht ann do phunann teanga a thabhairt isteach agus dúirt formhór na bhfreagróirí go dtacódh sé le scoláire ar aistear foghlama teanga.

*‘Tugann sé deis dóibh a scileanna teanga a fhorbairt.*

*Cuireann sé orthu oibriú ar an Araibis agus feabhas a chur uirthi’*

(Múinteoir)

*Ceapaim gur iontach an smaoineamh é seo. Cabhróidh sé leo an teanga a úsáid.’*

(Múinteoir)

*‘Is breá liom an smaoineamh mar bhain mé triail as le mo scoláirí agus bhí mé in ann an difríocht a fheiceáil’*

(Múinteoir)

## 2.4 Measúnú

Bhí go leor plé agus tráchttaireacht ar an measúnú ar fhoghlaim na scoláirí, idir leanúnach agus suimitheach mar a leagtar amach thíos.

### Aiseolas iomlán maidir le measúnú

Chuir tromlach na bhfreagróirí an tuairim in iúl go bhfuil an measúnú ar an Araibis atá leagtha amach sa dréachtsonraíocht, i gcomparáid leis an measúnú reatha ar Araibis na hArdteistiméireachta, níos fearr, níos cothroime agus níos oiriúnaí do chohórt na scoláirí Araibise in Éirinn sa lá atá inniu ann.

*‘Tá an togra nua go maith agus níos fearr do chainteoirí Araibis.’*

(Scoláire)



## Comhphárteanna cainte agus cluas a thabhairt isteach sa mheasúnú deiridh

Thacaigh formhór na rannpháirtithe leis an bhfócas ar an gcaint le tabhairt isteach scrúdú cainte agus measúnaithe cluastuisceana.

*'Is iontach an rud é go bhfuil fócas ar scileanna béil agus cluastuisceana anois. Caithfidh tú a bheith in ann an teanga a thuiscint – i gcomhrá nó má tá tú ag breathnú ar rud éigin cosúil leis an nuacht.'*  
(Scoláire)

Chuir go leor scoláirí an tuairim in iúl nach mbeidís in ann an scrúdú Arabach atá ann faoi láthair a dhéanamh mar go bhfuil sé ródheacair agus mhol siad go mbeadh cleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe níos cuimsithí mar thoradh ar thabhairt isteach na gcomhphárteanna cainte agus cluastuisceana a bheith in ann teacht ar an Araibis.

*'Is iontach an rud é an bhéaltriall/chaint. Ní féidir liom scríobh as Araibis ach ba mhaith liom é seo a fhoghlaim chun cumarsáid a dhéanamh le baill teaghlaigh.'*  
(Scoláire)

*'Faoi láthair ní féidir liom ach beagán Araibise a léamh – d'fhoghlaim mé é seo sa bhaile.'*  
(Scoláire)

*'Is fearr an scrúdú nua atá molta. Ní labhraíonn formhór na gcainteoirí Araibis ó dhúchas agus mar sin tá sé seo go maith agus tá an chaint / an chluas go maith mar go bhfuil níos mó ag teastáil uait ná an scríbhneoireacht.'*  
(Scoláire)

Chuir an chuid is mó de na freagróirí fáilte roimh ionchuimsiú ilteangachais agus scileanna idirghabhála curtha san áireamh sa mheasúnú béil, mar ar féidir le scoláire Araibis Chanúnach a úsáid chun cabhrú leis an gcumarsáid. Chuir siad fáilte freisin roimh, maidir leis an measúnú cluastuisceana, go mbeidh ábhar spreagtha cuimsithe go cultúrtha agus go teanga ag réimse éagsúil cainteoirí Araibise.

*'Tá sé chomh tábhachtach go nglactar le canúintí mar is é sin a úsáidtear sa saol réadúil. Ciallaíonn sé seo gur féidir leo foghlaim neamhspleách a úsáid mar beidh siad in ann féachaint ar an teilifís, éisteach leis an raidió, féachaint ar scannáin srl. agus gan a bheith ag brath ar fhoghlaim ó leabhar nó CD.'*  
(Scoláire)

*'Is smaoineamh maith é seo mar níl sé nádúrtha ach Araibis Chaighdeánach Nua-Aimseartha a labhairt'*  
(Múinteoir)

Mhol líon beag freagróirí go mbeadh sé níos fearr gan Araibis chanúnach a úsáid sa scrúdú cainte 'Sna béaltrialacha ba chóir go mbeadh Araibis chaighdeánach á labhairt ag múinteoirí agus ba cheart an scoláire a spreagadh chun é sin a dhéanamh'

(Múinteoir)

D'aontaigh formhór na bhfreagróirí go raibh na hualuithe cuí, le tuismitheoir amháin ag moladh gur cheart ualú níos mó a thabhairt do chomhpháirt na béaltrialach, agus rannpháirtí eile ag cur a mhalairt tuairime in iúl.

*'B'fhéidir go bhfuil sé seo an-iomarca don bhéaltriall'*  
(Scoláire)

### **Ról Phunann Teanga an Scoláire sa Mheasúnú**

Pléadh Punann Teanga an Scoláire i ngach ceann de na fócasghrúpaí agus tháinig réimse fo-théamaí chun cinn. Pléadh an réasúnaíocht a bhaineann le punann agus an ról atá aige sa seomra ranga agus sa bhéaltriall. D'aontaigh beagnach gach rannpháirtí san fhócasghrúpa agus freagróirí ar líne, mar bhealach chun doiciméadú agus machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim, cabhróidh an phunann leis an bhfoghlaim chun feacht a fhorbairt ar an bpróiseas foghlama teanga, chun straitéisí foghlama teanga a fhorbairt agus le bheith níos neamhspleáiche ina bhfoghlaim teanga.

*'Ceanglaíonn an phunann le measúnú foirmitheach'*  
(Múinteoir)

### **Gramadach Araibise**

Chuir aighneacht amháin ó bheirt mhúinteoirí teanga Araibise in iúl gur mhian leo go ndéanfaí cur síos soiléir sa tsonraíocht ar a bhfuiltear ag súil leis maidir le gramadach na hAraibise.

*'Ós rud é go bhfuil gramadach na hAraibise riachtanach chun an Araibis a labhairt agus a scríobh, ba chóir í a leagan amach go soiléir sa churaclam. Chomh maith leis sin, tá an tábhacht chéanna le cén chuid den ghramadach gur cheart a chlúdach'*  
(Aighneacht scríofa)

## **2.5 Aiseolas eile**

### **Araibis a thabhairt isteach ag leibhéal na sraithe sóisearaí**

Chuir roinnt freagróirí, múinteoirí agus tuismitheoirí go háirithe, an dearcadh in iúl go mbeadh sé oiriúnach gearrchúrsa nó cúrsa iomlán san Araibis sa tSraith Shóisearach a bheith acu, chun bonn sa teanga a sholáthar do scoláirí níos luaithe ina gcuid oideachais agus chun tacú leis an aistriú agus leanúnachas don Ardteistiméireacht:

*‘Tá eagla ar go leor scoláirí Arabacha é a ghlacadh cé go bhfuil a fhios acu é mar go bhfuil sé an-deacair. Go minic ní fhoghlaimíonn siad é ach sa 5ú bliain agus bíonn sé an-deacair orthu. Mar sin, ba mhaith linn go mbeadh sé ar an tsraith shóisearach i scoileanna poiblí, ní hamháin mar theagasc breise. Bheadh sé i bhfad níos éasca dóibh é a fhoghlaim níos déanaí’*  
(Múinteoir)

### **Infhaighteacht agus creidiúnú múinteoirí Araibise**

Chuir roinnt múinteoirí inní in iúl, dá mbeidís ag obair i scoileanna, go gcaithfeadh an Chomhairle Mhúinteoireachta iad a aithint. Bhí soiléiriú á lorg ag na múinteoirí seo faoi na cáilíochtaí atá riachtanach chun uimhir Chomhairle Mhúinteoireachta a fháil.

### **Leibhéal léitheoireachta agus scríbhneoireachta**

Léirigh rannpháirtí amháin inní faoi dhídeanaithe óga a bhféadfadh oideachas foirmiúil teoranta a bheith acu.

*‘Rud amháin a chuirfeadh inní orm áfach, ná an leibhéal léitheoireachta agus scríbhneoireachta a bheifí ag súil leis ag na foghlaimeoirí seo ag tús an chúrsa AT. I mo thraith féin, bhí oideachas foirmiúil teoranta ag go leor teifigh óga agus is gnách nach mbíonn mórán litearthachta acu san Araibis, nó gan litearthacht ar bith acu. Ba mhór an náire é dá mbeadh Araibis AT ar fáil ach fós fágтар go leor de na daoine óga a d’fhéadfadh an leas is mó a bhaint aisti as an áireamh.’*  
(Múinteoir)

### **An tábhacht a bhaineann le FGL**

Luaigh go leor rannpháirtithe an tábhacht a bhaineann le tacaíochtaí leordhóthanacha agus leanúnacha FGL.

*‘Conas a gheobhaidh muid FGL nuair nach bhfuil uimhreacha ón gComhairle Mhúinteoireachta ag go leor múinteoirí agus nach n-oibríonn i scoileanna príomhshrutha?’*  
(Múinteoir)

*‘Níl aon eolas againn faoi thorthaí foghlama mar ní mhúinimid ábhair eile i scoileanna.’*  
(Múinteoir)

## **Scoláirí atá ag foghlaim na teanga sa bhaile**

Pléadh freisin na dúshláin a bhaineann le hábhar scoile a fhoghlaim sa bhaile

*‘Tá sé seo deacair do dhaltáí atá ag foghlaim sa bhaile. Beidh tacaíocht de dhíth orthu’.*  
(Múinteoir)

## Breithnithe agus Conclúidí

---

Ba léir ón gcomhairliúchán, in ainneoin roinnt imní, go gcuireadh fáilte roimh go leor de na gnéithe den dréachtsonraíocht ag an gcuid is mó de rannpháirtithe. Tugann an chuid seo den tuairisc aghaidh ar na saincheistanna a cuireadh.

### Breithnithe

Sholáthair an próiseas comhairliúcháin aiseolas breithnithe faoi chodanna ar leith den tsonraíocht. Díreoidh an grúpa forbartha láithreach ar aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní seo. Tá na réimsí seo a leanas le breithniú:

- Chun tagairtí a chur isteach d'úsáideoirí teanga baile agus cúlra toisc nach measann gach cainteoir Araibise iad féin mar chainteoirí teanga oidhreachta
- Cibé an bhfuil sé oiriúnach toradh foghlama a bheith agat faoi úsáid foclóirí
- Ról na dtéacsanna d'fhoghlaiméirí agus do mhúinteoirí a shoiléiriú níos mó
- Smaointe chun treoir a thabhairt d'fhorbairt treoirlínte a thabharfaidh soiléiriú ar na comhpháirteanna measúnaithe éagsúla lena n-áirítear an scrúdú cainte, ról na punainne, agus bealaí inar féidir measúnú a dhéanamh ar ghnéithe ilteangacha agus ilchultúrtha
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí foghlama a bhaineann le foghlaim agus teagasc na gramadaí Araibise.

B'fhéidir gur mhian leis an ngrúpa forbartha moltaí a thairiscint freisin maidir le réimse gnéithe achtaithe, mar acmhainní, FGL an mhúinteora, tacaíochtaí do mhúinteoirí Araibise a thagraíonn don chaoi ar féidir leo téacsanna a roghnú is oiriúnaí do chohórt ar leith, agus bealaí chun cabhrú le múinteoirí chun soiléireacht a bhaint amach maidir le ceanglais na Comhairle Múinteoireachta do mhúinteoirí Araibise clárú chun an t-ábhar a mhúineadh in iar-bhunscoileanna.

### Conclúid

Baineadh go leor tairbhe as an bpróiseas comhairliúcháin a thug neart faisnéise. Ar an iomlán, is ábhar misnigh é an méid tacaíochta atá ar fáil do dhréachtsonraíocht Araibis na hArdteistiméireachta ó mhúinteoirí, ó scoláirí, ó thuismitheoirí agus ó dhaoine eile. Déanfaidh an grúpa forbartha a n-aiseolas breithnithe a mheas agus an tsonraíocht á tabhairt chun críche acu, le fócas ar leith ar na réimsí a leagtar amach thuas. Aithnítear rannpháirtíocht a ghlac páirt sa chomhairliúchán agus tá CNCM buíoch as an aiseolas oscailte, ionraic, tiomanta, bunaithe, sainiúil agus bunaithe ar thaithí. Léiríonn aiseolas ón gcomhairliúchán go bhfuil dearcthaí an-dearfach ann

maidir leis an dréachtsonraíocht agus tugann sé le tuiscint go bhféadfadh soláthar FGL, tacaíochtaí agus acmhainní tacú go mór le hachtú rathúil na sonraíochta.

## Aguisíní

---

### Aguisín 1: Cruinnithe le Fócasghrúpaí

Tugadh cuireadh do rannpháirtithe a dtuairimí a chur in iúl ar na rudaí seo a leanas:

Cá mhéad

- a thugann an aidhm agus na cuspóirí aghaidh ar a bhfuil tábhachtach a bheith ar eolas ag scoláirí cad ar cheart dóibh a thuiscint, cad ar cheart dóibh luach a chur leis agus cad ar cheart dóibh a bheith in ann a dhéanamh tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an Araibis san Ardteistiméireacht?
- a thugann an (dá) snáithe aghaidh ar a bhfuil tábhachtach go mbeadh eolas ag na scoláirí ar Araibis, a dtuiscint, a luacháil agus a bheith in ann a dhéanamh ag deireadh na hArdteistiméireachta?
- a bheidh comhpháirteanna measúnaithe béil agus cluastuisceana éifeachtach chun foghlaim an scoláire a mheas in Araibis na hArdteistiméireachta, dar leat?
- atá sé oiriúnach, dar leat, go n-úsáidfeadh scoláirí Araibis chanúnach nó chaighdeánach nua-aimseartha sa scrúdú cainte
- a thacaíonn tú le Punann a thabhairt isteach sa tsonraíocht d'Araibis
- a cheapann tú go bhfuil sé cuí go roghnódh scoláire agus a gcuid múinteoirí na téacsanna a ndéanfaidh siad staidéar orthu, seachas liosta socraithe téacsanna a ordú?

### Aguisín 2: Aighneachtaí Scríofa

Fuarthas an aighneacht scríofa seo a leanas

- An tUasal Ramdan Abughalia agus Dochtúir Ali Selim



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curacláim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment